

MURCHADH AGUS MEANACHAIR.

Beirt dreathár a bhí ionnta ag baint sméara agus ag déanaimh subhcháin. Nuair a bhí slam mór sméara bainnte ag Murchadh d'fhág sé ag Meanachar iad go mbainfeadh sé tuilleadh go mbeadh subhchán maith aca. Nuair a tháinig sé ar ais bhí an méid a bhí bainnte aca roimhe sin bhíodar ithte ag Meanachar. D'imthigh leis annsin ag tóraidheacht slat nó go mbainfeadh sí sása dhe mar ar na sméara ithte. Bheannuigh sé don tslat.

"Cá bhfuil tú a dhul indiu, a Mhurchadh", arsa an tslat. "Tá mé ag tigheacht ag iarraidh slat a dhéanfadh gad," adeir Murchadh. Gad a bhuailfeadh Meanachair a d'ól mo chuid sughcraobh. "Ní bhfuighfidh tú mise gan tuagh a ghearrfad mé" arsa an tslat.

D'imthigh leis. Chuaidh sí ag iarraidh tuaighe.

"Cá bhfuil tú ag dhul indiu, a Mhurchadh?", adeir an tuaigh.

"Tá mé ag tigheacht ag iarraidh tuaighe a ghearrfadh slat, slat a dhéanfadh gad, gad a bhuailfeadh Meanachar, a d'ól mo chuid sughcraobh"

"Ní bhfuighfeadh tú mise", adeir an tuagh, gan cloch a chuirfeas faobhar orm".

D'imthigh leis ag tóraidheacht cloch.

"Cá bhfuil tú ag dhul indiu, a Mhurchadh?", adeir an chloch.

"Tá mé ag tigheacht ag iarraidh cloch, a chuirfeadh faobhar ar thuaigh, a ghearrfadh slat, slat a bhuailfeadh gad, gad a bhuailfeadh Meanachar a d'ól mo chuid sughcraobh".

"Ní bhfuigheadh tú mise" adeir an chloch, "gan uisge a fhliuchfadh mé".

D'imthigh leis go ndeachaidh sé go dtí an t-uisge.

"Cá bhfuil tú ag dhul indiu, a Mhurchadh?", adeir an t-uisge.

"Tá mé ag tigheacht ag iarraidh uisge a fhliuchfadh chloch, cloch a chuirfeadh faobhar ar thuagh, tuagh a ghearrfadh slat, slat a dhéanfadh gad, gad a bhuailfeadh Meanachar, a d'ól mo chuid sughcraobh".

"Ní bhfuigheadh tú mise", adeir an t-uisge gan coin a shnámhfas mé."

D'imthigh leis ag tóraidheacht con.

"Cá bhfuil tú ag dhul indiu" a Mhurchadh", adeir an choin.

"Tá mé ag iarraidh con a shnámhfadh uisge", adeir Murchadh, "uisge a fhliuchfadh cloch, cloch a ghéarfadh tuagh, tuagh a ghéarfadh slat, slat a dhéanfadh gad, gad a bhuailfeadh Meanachar, a d'ól mo chuid sugh craobh."

"Ní bhfuighfidh tú mise" adeir ain chú", gan ruainne ime a chuimleóchas tú de bhonnaidheacha mo chos".

D'imthigh leis go indeachaidh sé go dtí an t-im.

"Cá bhfuil tú ag dhul indiu, a Mhurchadh?" adeir an t-im.

"Tá mé ag tigheacht ag iarraidh im a chuimleochainn do bhonnaidheacha cosa con, coin a shnámhfadh uisge, uisge a fhliuchfadh cloch, cloch a ghéarófadh tuagh, tuagh a ghéarrfadh slat, slat a dhéanfadh gad, gad a bhuailfeadh Meanachar, a d'ól mo chuid sugh chraobh."

"Ní bhfuighfidh tú mise", adeir an t-im gan luchín a sgríobfadh mé".

D'imthigh leis ag tóraidheacht luichín.

"Cá bhfuil tú ag dhul indiu?", adeir an luichín.

"Tá mé ag iarraidh luichín a sgríobfadh im", adeir Murchadh.

Im a chuimleochas mé do bhonnaidheacha cois chon, con a shnámhfadh uisge, uisge a fhliucfas cloch, cloch a ghéarrfad tuagh, tuagh a ghearrfadh slat, slat a dhéannfas gad, gad a bhuailfeadh Meanachar, a d'ól mo chuid subh craobh.

"Ní bhfuighfidh tú muse", adeir an luichín gan caitín a rithfeas orm.

D'imthigh leis ag tóraidfacht cat. "Cá bhfuil tú ag dhul indiu a Mhurchadh" adeir an cat.

"Tá mé ag tigheacht ag iarraidh caitín a rithfeadh ar luichín", arsa Murchadh.

"Luichín a sgríobfadh im, im a chuimleochainn de bhonnaidheacha cosa con, con a shnámhfadh uisge, uisge a fhliucfadh cloch, cloch a ghéarfadh tuagh, tuagh a ghearrfadh slat, slat a dhéanfadh gad, gad a bhuailfeadh Meanachar a d'ól mo chuid sugh craobh.

"Ní bhfuighfidh tú mise", adeir an caitín "go bfágha tú braon bainne dom ó na beithidhigh udan thall."

Chuaidh Murchadh go dtí na beithidhigh agus d'iarr sé braon bainne orthab.

"Ní thuibhramuide aon bhraon bainne dhuit", adeir na beithidhigh nó go dtugann tú punnan tuighe chugainn ó na súisteoirí atá ag bualadh an arbhair.

Chuaidh sé go dtí na súisteoirí agus d'iarr sé punann tuighe ortha.

"Tiubhramuid sin duit", adeir na súisteoirí, ach tabhair isteach criathar uisge cugann.

Thug siad criathar dhó agus nuair a thomadh sé insa tobar é nuair a d'arduigheadh sé aníos é thuiteadh an t-uisge arís as.

Labhair an corog as a chionn ins an gcrann agus dubhairt sí leis dóib a cur ins a' gcriathar agus go gcoinneochadh sé lán uisge dhó.

Chuir sé an dóib ar an gcriathar agus choinnigh sé a lán uisge. Thug sé isteach ag na súisteoirí é agus thugadar punann tuighe dhó le tabhairt ag na beithidhigh agus nuair a dith na beithidhigh an tuighe thug said bainne dhó le tabhairt don chaitín.

Nuair a fuair an cat an bainne thosuigh sé ag rith ar an luichín, thosuigh an luicín ag sgríobhadh an ime, thosuigh an t-im ag dhul ar bhonnaidheacha cosa con. Thosuigh an coin ag snámh an uisge, thosuigh an t-uisge ag fliuchadh na cloiche, thosuigh an chloch ag géaradh an tuagh, thosuigh an tuagh ag gearradh na slaite, thosuigh an t-slat ag deanamh an ghaid no go raibh Murchadh ag gabhail de t-slat ar Meanachair nó gur bhain sé a shásadh go maith dhe mar gheall ar a chuid sugh craobh a ithe .

(i gCárna 21/10/30)